

<b>Ainm an Tionscadail</b>	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
<b>Buntaifeadadh</b>	T28
<b>Ainm an Agalláí</b>	Nóra Joe Nic Giolla Bhríde
<b>Ainm an Agallóra</b>	Dónall Dinny Ó Gallachóir
<b>Dáta an Agallaimh</b>	16-01-2006
<b>Suíomh an Agallaimh</b>	Machaire Chlochair, Doirí Beaga
<b>Ainm an Tras-scríbhneora</b>	Máire Ní Rabhartaigh
<b>Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.</b>	

(gáire)

(sos)

(--)

\\_\_\_\_\_'

\\_\_\_\_\_+'

....

[]

Tús bréige

Focal dothuigthe

Níos mó ná focal amháin dothuigthe

Beirt ag caint ag an am amháin

Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir

**DÓNALL:** Sin é anois Nóra tá muid ar shiúil, *só*. Inniu tá mé ag dul a thógáil tridhfil seanachais uaidh bhean mhaith as Gabhla Nóra Joe agus ba mhaith liom tú toiseacht ar d'óige Nóra ag éirigh anois ar an oileán agus mar a bhí rudaí agus tiocfaidh muid ar aghaidh go dtí nuair a d'fhág sibh ag teacht amach go tír mór agus achan rud mar sin *but* tosóidh muid ar tús Nóra, d'óige Nóra ag éirigh anois, do theaghlach agus ag gabháil na scoile agus achan rud mar sin.

**NÓRA JOE:** Nuair a bhí muidne gabháil na scoile bhuel bhí, gasúirí uilig a bhí i dtigh s'againne ar tús, bhí *John Joe* agus *Willie* agus *Hughie* agus Danaí agus *Tom* ar tús ansin tháinig mise agus mo dheirfiúr ansin *Nellie*. Tá siad uilig i léir marbh anois ach mé féin (casachtach) ansin chuaigh muid na scoile máistreás a bhí againne aniar as Gaillimh í agus aon chuimhne amháin atá agamsa uirthi Nóra *Walsh* a bhí uirthi agus ní raibh an Ghaeilge aici a bhí againne agus ní raibh muidne ábalta í a thuigbhéal.

**DÓNALL:** Níor thuig sibh focal uaithi.

**NÓRA JOE:** Níor thuig muid focal a bhí sí ag rá (gáire) agus níor fhoghlaim muid mórán ach an oiread uaithi ná ní raibh ciall ar bith againn (casachtach) gabh mo leithscéal (casachtach) sin, bhí sí sin againn tamaill ansin agus d'imigh sí agus tháinig bean eile as an Choiteann, Mary Phádaí Pheadair uirthi agus múinteoir ar

dóigh a bhí inti sin. D'fhoghlaim mé, muid a d'fhoghlaim mé cniotáil agus cróiseáil agus achan uile rud, obair snáthaid, d'fhoghlaim sí sin domh, bhí sí maith ansin nuair bheadh, sin muidinne na bpáistí chaithfeá ghabháil isteach sa rang eile ansin agus nuair a chuaigh mise isteach sa rang, sa tseomra eile tá mé ag deanamh go Eoin, *Owenie McFadden* a bhí ann as a Charraic.

**DÓNALL:** Caidé mar a bhí seisean a Nóra?

**NÓRA JOE:** *Teacher* ar dóigh a bhí ann ach bhí cuid mhór, peile uilig a bhí ag cuir buradh ar *Owenie* bheadh na gasúirí amuigh ag imirt peile aige á mhaidin go dtí an oíche agus ní raibh suim ar bith againne ann peil ar chor ar bith, na girseachaí ní raibh. Bhí muidne nois, ag súgradh eile, níl a fhios agam, níl cuimhne agam caidé a bheadh muid ag déanamh agus ansin, ó bhí sé maith dhá bhliain a d'fhán sé ann ansin tháinig mo dheartháir féin ann John Joe.

**DÓNALL:** Chuaigh seisean a theagasc ar a scoil.

**NÓRA JOE:** Chuaigh seisean a theagasc ar scoil agus bhí mise agus mo dheirfiúr agus mo dheartháir *Tom* ar an scoil aige agus bhí sé cruadh orainne moram shíl muidne. Bhfuil fhios agatsa nach raibh aithne agamsa air, nuair a bhí mise i mo pháiste bhí seisean ar shiúil sa choláiste agus ansin tháinig sé amach na mhúinteoir agus bhí, chuaigh sé isteach go Gabhla sin an chéad scoil a bhí aige agus bhí cineál d'éagla orm roimh (gáire) bhí sé greannmhar eagla a bheith ort roimh do dheartháir féin *but* bhí, bhí sé *oh* múinteoir ar dóigh a bhí ann, tá mé ag deanamh go dearn sé, sé mháistir scoile agus ceithre nó cúigear bhanaltraí de na girseachaí chuaigh ar aghaidh fá choinne banaltraí fhad is a bhí sé ag teagasc i nGabhla.

**DÓNALL:** Bhí sé sin ina mhúinteoir ar dóigh.

**NÓRA JOE:** Bhí sé ina mhúinteoir ar dóigh agus d'fhoghlaim muid féin gráinnín maith uaidh, chaitheadh muid é a fhoghlaim ní raibh anonn ná anall ann ach é a

fhoghlaim, chaithfeá do chuid obair baile a dhéanamh is achan rud mar sin. Ansin (sos) níl (casachtach) níl a fhios agam caidé a tháinig orm.

**DÓNALL:** Ar mhaith leat deoch a Nóra, deoch uisce?

**NÓRA JOE:** *No*, tá mé *alright* (casachtach) sin, d'fhág sé ansin agus tháinig um (sos) *Patrick* Shéimí a chuaigh isteach ina áit ansin agus chaith mise bliain amháin ar a scoil ag *Patrick* Shéimí agus múinteoir, ceol a ba mhó a bhí ag cuir buradh ar *Phatrick*, bhí sé maith ag ceol agus duine ar bith nach raibh ceol aige ní raibh suim aige ann agus ní raibh ceol ar bith againne, ní raibh ceol agamsa ar scor ar bith, ní raibh ceol ar bith ag na McBrides duine ar bith acu nach greannmhar, bhí siad cliste ar dhóigheanna eile.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam.

**NÓRA JOE:** Ach ní raibh ceol ag aon duine acu *so* bhí, bhí a triúr de mo chuid deartháireacha ina múinteoirí scoile bhí siad, caithseá go raibh siad cliste.

**DÓNALL:** *Oh* gan dabht bhí siad cliste cinnte.

**NÓRA JOE:** Chaitheadh siad a theacht amach go dtí tír mór agus scrúdú a dhéanamh ansin gheobhadh siad *paparcy* rud inteacht gheobhadh siad ansin agus rachadh siad go Baile Átha Cliath ná go Gaillimh sílim b'fhéidir a rachadh siad ansin rachadh siad go Baile Átha Cliath go dtí *Drumcondra* tá cuimhne agam ar a litir sin, bheadh muid ag scríobh acu *Drumcondra* a bhí ar ar scor ar bith caithseá gur sin an áit a raibh an *training*, a raibh siad ag déanamh a gcuid traenáil.

**DÓNALL:** *Aye*

**NÓRA JOE:** Sé, bhí triúr, bhuel bhí *Willie* fosta sin an darna duine den teaghlach bhí seisean iontach cliste agus bhí aige le dhul amach go Leitir Ceanainn fá choinne an scrúdú a dhéanamh agus bhí sé thuas, bhí uncail agam anuas as Mín Doire Dhamh

b'as mo mháthair agus chuir sí suas é an lá roimhe ré fá choinne ghabháil amach ar an traein go Leitir Ceanainn fá choinne scrúdú a dhéanamh agus luigh sé thuas ar chúl túrtóg go dtí gur imigh an traein agus ní tháinig sé amach ar chor ar bith agus d'inis sé gur chaill sé an traein.

**DÓNALL:** Ní, ní raibh sé ag iarraidh go díreach dhul.

**NÓRA JOE:** Ní raibh sé ag iarraidh, iascaireacht a bhí ag cuir buradh ar agus rinne sé obair mhaith leis an iascaireacht, bhí sé ag iascaireacht le m'athair a chéad uair, bádaí beaga, *half*, ansin bhí *trawlers* bheaga acu agus *Summer Star* a bhí ar a *trawler* a bhí ag m'athair. Bhí siad suas fá Ardglass agus bhí siad thuas ann Ardglass an bhliain a d'imigh an Dugánach agus Pádaí Dhónall Pháidín ar an Asgard.

**DÓNALL:** Asgard.

**NÓRA JOE:** Bhí siad ansin an bhliain sin, níl a fhios agamsa, bhí siadsan ina gcríú ar bhádaí eile ní raibh an nduine acu ar a bhád le m'athar, m'uncail a bhí leis agus daoine as an Phointe, Napaí Mhór máthar, athar Napaí Mhór, um níl a fhios agam c'aimn a bhí orthu *but* (sos) Boyles sílim an sloinne a bhí orthu sin an mhuintir bhí a, críú a bhí leis, muintir an Phointe a bhí ina chriú leis, fear a raibh *John Bán* ar. Tá siad sin thall, na gcónaí, ndream sin na gcónaí ar an Phointe go fail, fóill na bhí fear acu na mhúinteoir thoir i gcuideachta mo *nephew Owenie McBride* sa scoil i Falcarragh. Bhí sé múinteoireacht adhmaid, tá siad sin thall ansin ar fad, na dream, mhuintir.

**DÓNALL:** Tá, tá a fhios agam.

**NÓRA JOE:** John Bán, cócaire a bhí ann John Bán ar an bhád, tá cuimhne agam ar sin, mhothófainn iad ag caint ar.

**DÓNALL:** Bhí bád ar dóigh acu a Nóra, 's bheadh siad ag gabháil, rachadh siad anonn fhad le Albain agus.

**NÓRA JOE:** Bhí siad ag teacht anall, bhfuil a fhios agat caide eile a bhí siad a dhéanamh, bhí siad ag tabhairt anall plúr agus gual agus achan uile rud, aníos as Doire go dtí na Bhun Bhig. Bhí áit mhór ag Tomas John ar an Bhun Bheag.

**DÓNALL:** Sé siopa mór.

**NÓRA JOE:** Siopa mór agus bhí sé *wholesale* moram a bhí ann agus bhí siad ag tabhairt aníos as, a stuff uilig as Doire mín agus plúr agus achan rud mar sin. Bhí siad ag déanamh, bhí siad beo go measartha.

**DÓNALL:** Bhí siad beo, bhí.

**NÓRA JOE:** Bhí, creidim nach raibh mórán pá a hoiread acu *but* bhí siad beo leo go measartha.

**DÓNALL:** Bhuel bhain siad a mbeatha amach.

**NÓRA JOE:** Bhain siad a mbeatha amach as.

**DÓNALL:** Bhí saol crua acu.

**NÓRA JOE:** Bhí saol crua acu but ní bheadh m'athar sa bhaile leath na hama, leath, bheadh muid, rachadh sé go hArdglass ná bheadh, bheadh muidinne ag fanacht leis a theacht. Bheadh bróga úr leis fá nár gcoinne na bronntanas i gcónaí leis fá nár gcoinne bheadh muid ag fanacht leis a theacht, bheadh rud, bheadh airgead acu agus ansin bhí achan eile rud againn ar an oileán ceart go leor bhí a gcuid prátaí féin agus a gcuid glasraí uilig againn *turnipí*, 's cáil, 's *carotts* achan uile rud a dtiocfadh leat smaoineamh.

**DÓNALL:** Ní raibh ocras ar riamh ar scor ar bith oraibh.

**NÓRA JOE:** Ní raibh ocras ar riamh, ansin bhí cearca againn agus eallach agus asalacha a bheadh acu chéad uair ansin fuair siad uilig beithigh choinne treabhadh, bheadh siad ag treabhadh leis na beithigh ansin i ndeireadh, na blianta deireanacha ansin, ó bhí scoith an talamh i nGabhla, bheadh prátaí ar dóigh ann agus rud eile a bhí ann scoith na mbartaí, níl a fhios caidé an mhóin a bhí istigh i nGabhla.

**DÓNALL:** Scoith na mónadh.

**NÓRA JOE:** Scoith na monadh, tá sé ann go fóill.

**DÓNALL:** Ach a Nóra nuair a d'fhágfa thusa an scoil ansin bhí agat leis an obair seo a dhéanamh.

**NÓRA JOE:** Bhí an obair, bheadh éanacha le cuir isteach ann tráthnóna, cearca agus ní bheadh faill agamsa mo chuid obair baile a dhéanamh, bheadh mo mháthar ar shiúil baint creathnaigh, ná ag baint *beardie* rud a d'imíodh siad le currach í féin 's m'athar 's bheadh na stocaigh fosta nuair a bhí siad ag éirigh aníos, bheadh siad ar an scoil cinnte is chaitheadh siad, bheadh siad sa choláiste is chaitheadh siad cúpla punta a shaothrú ar dhóigh inteacht, is bhí siad ag baint creathnaigh, gheobhadh siad, nuair a dhíoladh siad sin, gheobhadh siad sin daofa féin bhfuil a fhios agat agus ó bhí obair cruadh ann. Bhí tú ag obair ó mhaidin go dtí an oíche, bhí níochán ansin le déanamh againn, bhí an t-uisce, bhí an t-uisce iontach fairsing i nGabhla, bhí tréan toibreacha ann taobh amuigh de achan uile theach bhí dabhach mór agus ag coinneáil uisce.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Agus sin, ins sa tsamhradh a bhí tréan toibreacha fíor uisce agus mar a deireadh muidne tá toibreacha fá choinne uisce garbh, choinne deoch a thabhairt don eallach agus rudaí mar sin *but* bhí loch ann is rachadh an t-eallach amach go dtí an loch sin an áit a bhfaigheadh siad a, d'ólfadh siad an t-uisce amuigh sa loch agus, bhí siad a, chaitheadh siad a bheith buachailleacht, bheadh cuid mhór gasúirí as an

tír mór istigh um, ar fostach an oileáin agus ansin bheadh siad uilig ar a scoil agus sa tsamhradh bheadh léir, bheadh scaifte mór ar na *rolls* ar a scoil sa tsamhradh, bheadh na gasúirí agus girseachaí fosta.

**DÓNALL:** Bhuel creidim fosta a Nóra d'ímíodh na fir go Albain agus ansin bhí an obair le déanamh.

**NÓRA JOE:** Bhuel ag iascaireacht a bhí siad ansin agus ansin nuair a chuaigh an iascaireacht síos sin a rud, sin a tuí ar fhág, b'éigean dúinn an t-oileán a fhágáil, d'ímigh na scadáin agus ní raibh gléas beatha ar bith acu agus d'ímigh an mhuintir óga uilig go hAlbain agus ní aon duine fágtha ach mná agus páistí agus seandaoine agus ní bheadh siad ábalta na bádaí a ghiollacht, chaitheadh na bádaí beaga a tharraingt suas nuair a thiofá amach agus iad a thabhairt, chuir síos 's ghlacfa an taos óg a bheith agat, na fir óga bheith agat.

**DÓNALL:** Tá sin fíor.

**NÓRA JOE:** Choinne sin a dhéanamh ní raibh na seandaoine ábalta é a dhéanamh.

**DÓNALL:** Is ag gabhail de iascaireacht scadáin is mó a bhí, bhí siad na fir sin.

**NÓRA JOE:** Sé bhí siad ag iascaireacht scadáin agus ansin ag iascaireacht bhradáin.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Thosóidh siad ag iascaireacht bradáin agus ansin nuair a bheadh iascaireacht na mbradáin thart bheadh siad ag iascaireacht gliomaigh agus nuair a bheadh iascaireacht na ngliomach, an t-airgead a gheobhadh siad uilig as iascaireacht na ngliomach tá cuimhne agam cheannaíodh siad stór fá choinne an gheimhridh, cheannaíodh siad, tá cuimhne agamsa ar sin, mé i mo pháiste boscaí móra tae, *chest* a bheireadh siad ar, *chest* tae.

**DÓNALL:** Sé lán tae.

**NÓRA JOE:** Málaí siúcra agus trí ná ceithre málaí plúr agus ar bith eile bheadh, sin an rud is mó a cheannódh siad ó mín choirce, mála mín choirce agus ansin cheannaíodh siad stór fá choinne an eallach, mín bhuí agus bran agus na rudaí a bheireadh siad don eallach na, na *nuts* sin c'ainm, c'aimn a bhí orthu anois *Cotton Cake* tá mé ag deanamh a bheireadh siad orthu ná rud inteacht mar sin a bhí ar.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Cheannaíodh siad stór de sin fosta fá choinne an eallaigh ansin b'fhéidir go dtiocfadh trí seachtainí nuair a bheadh stoirm agus ní bheadh.

**DÓNALL:** Bheifeá fágtha.

**NÓRA JOE:** Bheifeá fágtha ach beith go raibh an stór acu ní bheadh.

**DÓNALL:** Ach chaitheadh go díreach mar a dúirt tú, chaitheadh siad a bheith stór ar fad.

**NÓRA JOE:** Chaitheadh siad a bheith ag déanamh stór sin an t-airgead shaothrú siad ar na gliomaigh na greannmhar.

**DÓNALL:** Sin an rud a bhí ann.

**NÓRA JOE:** Sin an rud a dhéanadh siad leis an airgead sin. Ach tá cuimhne agamsa bheadh m'athar, go bhreá leis cultacha a dhéanamh, bhí triúr acu ar an choláiste agus chaithfidh cultacha, bhí dhá chulaith de dhíth ar achan fhear fá choinne ghabháil na coláiste agus achan eile rud eile éadach oíche agus achan rud.

**DÓNALL:** Bhí sé costasach go leor.



**NÓRA JOE:** Bhí sé costasach, ní raibh *grants* na geath ar bith sna laethe sin.

**DÓNALL:** Ní raibh, ní raibh.

**NÓRA JOE:** Ach bhí, bhí sé daor *but* an lá inniu atá ann bhí sé iontach saor.

**DÓNALL:** Sé i gcomparáid leis an lá inniu.

**NÓRA JOE:** I gcomparáid an lá inniu.

**DÓNALL:** Ó nach bhfuil a fhios agam.

**NÓRA JOE:** Bhí sé saor le gcomparáid an lá inniu ach bhí sé daor an tam sin *because* ní raibh luach ar na, ar an iasc.

**DÓNALL:** Ní raibh.

**NÓRA JOE:** Ní raibh luach ar na gliomaigh, ní raibh luach, ní raibh luach ar ubh, ba bhreá le mo mháthair cuid mhór uibheacha a bheith aici ansin rachadh sí chun tsiopa agus tá cuimhne agamsa agus ní raibh mé ach mo pháiste, thiocfadh sí na bhaile as an tsiopa agus bheadh scór punta léi.

**DÓNALL:** Dúirt tú sin.

**NÓRA JOE:** Na bhaile léi.

**DÓNALL:** Is muid ag caint ar sin inis domh fán, fán tsiopa a rachadh isteach, rachadh bád inteacht isteach Micí an Chóip.

**NÓRA JOE:** Rachadh Micí an Chóip isteach an tseachtain seo agus rachadh Joe Ó Frighil isteach an tseachtain seo chugainn.

**DÓNALL:** Ar a *turn* mar sin.

**NÓRA JOE:** Ar a *turn*, bhuel bhí bád ag Joe é féin.

**DÓNALL:** O sé.

**NÓRA JOE:** *But* thiocfadh bád nuair a bheadh, Dálaigh a bhí orthu thiocfadh siad amach choinne Mhicí, choinne Micí an Chóip chuireadh sé scéal isteach ná bhí *sign* aige ar an ché, chuireadh sé suas *flag* do féin.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Ní raibh, c'aimn a bheireann tú ar guthán na a dhath.

**DÓNALL:** Ní raibh nó.

**NÓRA JOE:** *But* ina dhiaidh sin tháinig an guthán. Bhuel an dóigh a raibh sé chaithfeá dhul fríd a oifig an phoist amuigh.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Agus ansin chuireadh seisean scéala bí c'ait a raibh tusa ag dul a chuir an scéala.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam.

**NÓRA JOE:** *But* bhí sé ceart go leor bhfuil a fhios agat.

**DÓNALL:** Bhí tú ag rá dhíoladh do mháthair, do mháthair agus na mná uilig, dhíoladh siad.

**NÓRA JOE:** Na mná an oileáin uilig.

**DÓNALL:** Dhíoladh siad uibheacha.

**NÓRA JOE:** Dhíoladh siad uibheacha agus creathnach, *beardie* agus iasc, iasc tirim a dhíoladh siad. Chaitheadh siad na bolláin agus na deargóidí agus na rudaí seo uilig agus thriomaíodh agus cheannaíodh Micí an Chóip iad agus gheobhadh seisean díolta sa tsiopa iad.

**DÓNALL:** *Sò* rachadh do mháthair is na mná eile ar ais is crag airgid leo.

**NÓRA JOE:** Gheobhadh siad, thiodfadh siad na bhaile, tá cuimhne agamsa mo mháthair ag teacht agus fiche punta léi.

**DÓNALL:** Agus mála *bargains*.

**NÓRA JOE:** Agus mála, lán mála de achan rud léi.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Chaithfeá an oiread seo de achan rud a cheannacht, bhuel sa tsamhradh ní bheadh fia orthu an stór a cheannacht *but* dóigh a dtabharfadh Micí isteach siúcra bheadh cúig phunta sa, cúig phunta siúcra sa *phoc* mhór bán.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam.

**NÓRA JOE:** Tá cuimhne agam go fóill ar poc mór a bheadh ann cúig phunta, ansin cheannófaí puntaí tae agus bheadh achan rud tomhaiste an tam sin.

**DÓNALL:** O sin mar a bhí.

**NÓRA JOE:** Ní raibh dhath ar bith ag gabháil an tam sin ach bhí achan uile rud tomhaiste agus muiceoil agus bheadh achan rud leis isteach. Bheadh achan rud leis toitíní `s tobac `s achan uile rud leis isteach *but*.

**DÓNALL:** Leas talamh ansin a bheadh de dhith ar na fir creidim.

**NÓRA JOE:** Ansin d'obair siad go cruá ar an talamh i dtús ama ní raibh ann ach spáidí chaithfeá achan rud a rómhar le spáidí.

**DÓNALL:** O sé.

**NÓRA JOE:** Ansin bhainfidh an mhóin bheadh meitheal acu.

**DÓNALL:** Tá cuimhne agat ar na laetha sin.

**NÓRA JOE:** Tá cuimhne agam ar na laetha sin, is rachaidh amach, sin lá mór a bheadh, an lá a bheithfí ag baint na mónadh, tráthnóna, tráthnóna a bheadh an dinnéar ann agus ansin nuair a bheadh an dinnéar thart ag an fhoireann a bheadh ag baint na mónadh, thabharfaí cuireadh do na comharsain uilig a theacht isteach gheobhadh achan uile dhuine dinnéar.

**DÓNALL:** Bheadh oíche ceoil is craic ann.

**NÓRA JOE:** Bheadh oíche mhór, sin an lá mór a bhí ann lá a mbeadh meitheal acu ag baint na mónadh agus ní raibh moill meitheal fear a fháil an tam sin.

**DÓNALL:** Ní raibh, dhéanfaidh do chuidse inniu is mo chuidse amárach.

**NÓRA JOE:** Agus tá mé ag deanamh gur cúig scillinge bhí achan fhear a fháil an tam sin ar shon lá mónadh. Thóg siad ansin é go dtí seacht scillinge agus i ndeireadh ama bhí sé, leithnigh a bhí sé.

**DÓNALL:** Agus sin lá mór trom.

**NÓRA JOE:** Sin lá agus sin pá mhór.

**DÓNALL:** O san am.

**NÓRA JOE:** San am sin ná ní raibh a dhath ag gabháil isteach chuig na damhsachaí an tam sin ach scilling, scilling amháin a dhíolfá ag gabháil isteach chuig an damhsa.

**DÓNALL:** Is ansin a Nóra i ndiaidh an naoinlaigh sin a mbeadh, mbeadh ceol agus craic ansin agus damhsa.

**NÓRA JOE:** Bhí, bhí teach amháin istigh ansin bhí sé folamh bí cá raibh na daoine, d'ímigh siad go hAlbain, ní tháinig siad arís is teach breá a bhí ann agus breá le damhsachaí a bheith ansin agus thioctadh muintir Inis Oirthear agus muintir Inis Meáin aniar agus bheadh oíche mhór damhsa ann, b'fhéidir oíche i gceann achan choicise ná agus bhí muintir Inis Oirthear, bhí ceoltóirí millteanach ann. Tá cuimhne agamsa, ní raibh muidne ró aosta an tam sin ní bheadh cead againn a dhul isteach chuig na damhsachaí an tam sin but sin d'éirigh muid níos seanaimseartha nuair a d'fhág muid an scoil bhí muid ag dul ann agus bhí fear ansin tá sé marbh *John Duffy* a bhí ar agus bhí sé ábalta a bosca ceoil a bhualadh. D'fhoghlaim sé féin an dóigh a, thug duine inteacht bronntanas do am inteacht bosca ceoil.

**DÓNALL:** Is leag sé air agus.

**NÓRA JOE:** Is leag sé air agus d'fhoghlaim sé agus bhí sé ábalta achan uile phort a bhualadh. Sean damhsachaí agus bheadh oícheanta millteanach ann *but* chaitheadh achan uile dhuine a ghabháil na bhaile ar a dó dhéag a chlog, dó dhéag a chlog san oíche.

**DÓNALL:** Beith sin mar a bhí rachadh siad na bhaile.

**NÓRA JOE:** Chaitheadh siad dhul na bhaile bhí duine inteacht os cionn, níl cuimhne agam anois cé a bhí os a gcionn *but* chaitheadh siad dhul na bhaile. Bheadh, cuimhne agam *Willie* s'againne am amháin as a gcionn, bheadh duine inteacht, fear inteacht i gcónaí os cionn.

**DÓNALL:** Sé, is chaitheadh siad dhul.

**NÓRA JOE:** Is chaitheadh achan uile dhuine dhul na bhaile ar a dó dhéag.

**DÓNALL:** Chaitheadh sé a bheith conafach.

**NÓRA JOE:** O chaitheadh ó sin a, sin a *rule* a bhí ann is chaithfeá dhul na bhaile. I ndiaidh a dó dhéag a chlog ní bheadh dhath ag dul.

**DÓNALL:** Is dhéanadh sibh na sean damhsachaí sin uilig.

**NÓRA JOE:** Sean damhsachaí uilig, bhí sé galánta, is iomaí uair a bímse ag smaoineamh ar sin na sean phoirteannaí sin *but* fuair an fear a bhí a dhéanamh bás, *John Duffy* *but* tá cúpla bliain ó shin bhí sé ina chónaí thall ansin i dteach beag thall ansin bhí sé pósta ní raibh teaghlach ar bith acu agus bhí sin aige. Bhí ceol aige, bhí ceol ag a dheirfiúr fosta sin *Hannah Duffy* bhí uirthi se, bhí sí pósta ar Charlie Jimmy sin gariníon daofa atá marbh anois thall i *gCoventry* tá girseach bheag.

**DÓNALL:** O sé chuala mé sin ar raidió.

**NÓRA JOE:** *Aye* sin gariníon daofa bhuel.

**DÓNALL:** O tuigim anois.

**NÓRA JOE:** *Aye* agus bhí ceol acu sin uilig ach níl ceol ag aon duine as a, bhfuil a fhios agam de na dreamanna *but* b'fhéidir go bhfuil ach ní cheolann siad bhfuil a fhios agat.

**DÓNALL:** Rachaidh muid ar ais a Nóra ag an iascaireacht. Bhí, bhí lucht an oileáin ag brath go mór ar iascaireacht.

**NÓRA JOE:** Ó sin a rud, sin a slí beatha a bhí acu ag iascaireacht.

**DÓNALL:** Sin a slí beatha a bhí ann.

**NÓRA JOE:** Agus ceann eile a bhí ann fosta, b'fhéidir inniu nach mbeadh dhath ar bith agat fá choinne do dhinnéar agus bheireadh fear inteacht síos an currach agus d'ímíodh sé agus deirg leis agus thioctadh sé isteach agus dosaein deargáidí leis agus dosaein lúdar agus chuirfí síos a pán agus.

**DÓNALL:** Sin mar a bhí go díreach.

**NÓRA JOE:** Bhí sin, ní raibh ocras ar bith agus ceann eile bhí, tá cuimhne agam ar muna mbeadh a dhath agat agus dá mbeadh an aimsir cineál de gharbh, d'imeofá agus chruinneofá canna mór fothógaí.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Agus phiocfá iad agus dhéan, sin a dinnéar agus sin a dinnéar a bhí maith ná 's gairid uilig a fuair mise amach canna as Gabhla. Bhí mé smaoineamh '\_\_\_\_\_' agus fear as Rann na Feirste a bhí istigh *Charlie Greene*. Chuir sé scairt orm as Gabhla lá amháin, tá mé cineál de mhór leis bíonn sé ag déanamh corr jab domh agus dúirt sé tá mé istigh i nGabhla, bhfuil a fhios agat caidé, cá huair atá tú ag teacht amach, tá mé ag teacht amach Dé Satharn. Bí cheart duit a ghabháil síos agus leath canna fothógaí a thabhairt amach agamsa agus thug agus bairní. Bhain sé na bairní agus na fothógaí sin an dinnéar a bhí agamsa Dé Domhnaigh, bhí sé galánta.

**DÓNALL:** Bhí sin doiligh bhualadh.

**NÓRA JOE:** Sé a bhí maith, ó Dhia bhí sé (gáire) bhí feoil agam agus ní chuir mé síos í ar chor ar bith.

**DÓNALL:** Níor amharc tú ar chor ar bith uirthi.

**NÓRA JOE:** Níor amharc mé ar chor ar bith uirthi. Bhí siad ag gáire fúmsa *but*.

**DÓNALL:** Ach a Nóra cé leis a raibh siad ag díol an éisc an rachadh siad ansin píosa fada ar shiúil leis.

**NÓRA JOE:** Bhfuil a fhios agat cé a cheannaíodh cuid mhór den iasc uathu *Matt Bonner* is rachadh sé thart ó theach go teach.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Leis an veain a bhí aige agus dhíoladh sé é ó bhí léir ceannaithe acu bhí fear eile thoir ansin a raibh carr aige, beithíoch agus carr aige agus bheadh sé ag dul thart ó theach go teach ag díol. Déarfainn go mbeadh sé ina uncail ag *Mary Sweeney* a fuair bás thoir ansin tá gairid ó shin.

**DÓNALL:** O sé tá a fhios agam.

**NÓRA JOE:** *Mary*.

**DÓNALL:** *Mary* Dhiarmaide

**NÓRA JOE:** Sé, *Mary* Dhiarmaide uncail di sin bhí sé ag gabháil thart ag díol. Ó bhí ceannaithe, ó bheadh siad thíos sa phort úr rompu nuair a rachadh siad, thiocfadh siad amach leis an éisc. Bheadh siad san Earrach, d'ímíodh siad le curraigh agus ó bheireadh siad isteach bheadh deich ndosaein liúdar do is bheadh siad díolta uilig bhí, bhí daoine, bhí ráchairt ar an iasc úr, bhuel bhí an t-iasc úr maith.

**DÓNALL:** Bhí sé speisialta.

**NÓRA JOE:** Bhí sé speis, ach ní bhfaighidh tú iasc ar bith anois. Ní bhfaighidh tú.

**DÓNALL:** Is rachadh siad fhad le ar shiúil ansin le Ailt a Chorráin a Nóra ná.



**NÓRA JOE:** O rachadh sin a, rachadh siad soir go Baile an Neasa choinne iascaireacht na scadáin `s na bádaí beaga a bhí acu ,bhuel *half deckers* a bheireann muidne orthu. Rachadh siad soir is thiocadh siad anoir orú bheadh, bheadh siad thart, bhí na scadáin istigh i mbéal i Gabhla thart.

**DÓNALL:** Bhí sé ramhar leo.

**NÓRA JOE:** Bhí sé ramhar le, le scadáin.

**DÓNALL:** Bhí mhothaigh mé.

**NÓRA JOE:** Bhí deartháir agamsa ag teagasc istigh i nGabhla raibh Danaí ar agus sin an caitheamh aimsire bhí aige féin, rachadh sé féin agus seandúine eile amach tráthnóna ag iascaireacht liúdar agus fuair siad cúpla dosaein lá seo, chuaigh mise síos, bhí muidne ina gcónaí ag taobh na farraige agus nuair a rachadh muid ag nigh an éisc, nifeá thíos san fharr, lán mhara iad.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam.

**NÓRA JOE:** Agus chuir mise síos an bhuicéad a bhí liom síos a thabhairt isteach is bhfuil a fhios agat go raibh trí. Mhill an fóin é.

**DÓNALL:** Ní dhéanfaidh sé difir ar bith anois, go ar aghaidh leat anois.

**NÓRA JOE:** Nach ndéanfaidh.

**DÓNALL:** Ní dhéanfaidh, ní dhéanfaidh.

**NÓRA JOE:** Bhfuil a fhios agat an oíche a bhí muid thíos ag an lán agus nuair a chuir mise an bhuicéad, choinne buicéad uisce, sála fháil.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Bhfuil a fhios agat caidé a bhí istigh sa bhuicéad nuair a thug mé aníos í ceithre scadán agus iad beo.

**DÓNALL:** (gáire) bhí, bhí an áit, bhí sé ramhar le scadáin.

**NÓRA JOE:** Bhí sé ramhar le scadáin, ní, bhí mise a inse daofa agus tháinig mise aníos agus na ceithre scadán liom, ní chreideadh siad mé mo mháthar ná iad. Bhuel dúirt mise, chuir mise, sin a bhuicéad chuir mise amach í choinne.

**DÓNALL:** Thóg tú ceithre scadán.

**NÓRA JOE:** Agus thóg mé isteach ceithre scadán, sin go rothanas a bhí thart ar an oileán, ar na hoileáin uilig.

**DÓNALL:** Is inis seo domh a Nóra anois chuala mé scéalta de achan chineál caidé a chuir deireadh leis na scadáin a Nóra, do bharúil?

**NÓRA JOE:** Bhuel barúil atá againne *like* ag na iascairí sin *Joe sure* chaith sé a shaol ag iascaireacht na Spáinnigh agus na bádaí coimhthíocha óna tíortha eile. Bhí siad amuigh, d'fheicfeá iad san oíche, *even* nuair a tháinig mise amach anseo as an oileán shílfeá go beith baile mór a bheadh thart soir achan áit.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Agus thóg siad sin a t-iasc.

**DÓNALL:** Longa móra agus.

**NÓRA JOE:** Longa móra, bádaí móra acu sin.

**DÓNALL:** Thóg siad a t-iomlán.

**NÓRA JOE:** Thóg siad a t-iomlán ansin ní raibh a pór a bith ann ní raibh leithid ann. Níl scadáin ar bith is bíonn siad ag caint ar agus cuireann siad amach corr uair eangach bhfeicfí siad a bhfuil leithid ann, níl a leithid le fáil agus scadáin.

**DÓNALL:** Inis seo domh a Nóra bhfuil cuimhne agatsa ansin ar na yawls ar bádaí mar sin.

**NÓRA JOE:** Tá, ó Dhia is agam a bhí an dúil iontu bád seoil, bheadh dhá sheol agus *jib* orthu agus bheadh siad ag gabháil ar a dtaobh mar sin.

**DÓNALL:** Sé

**NÓRA JOE:** Bhí dúil, ní raibh léir mór, bhí dúil bhocht agamsa iontu nuair a rachadh an bádóirí ghabháil isteach sna bádaí, bhuel bhí muid cleachtaigh leis, thiocfadh siad amach Dé Domhnaigh dhá uair is chaitheadh muid siúl aníos as Machaire Gathlán.

**DÓNALL:** Nuair a bheadh sibh ag gabháil chun aifrinn a Nóra.

**NÓRA JOE:** Gabháil chun aifrinn agus is iomaí uair bheadh muid fliuch báite b'fhéidir go bhfaigheadh muid cith leath bealaigh aníos agus.

**DÓNALL:** Aníos ó, aníos ó phort.

**NÓRA JOE:** Aníos ó phort úr.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Go Teach a' Phobail agus ní shíl muid a dhath do an t-am a bhí muid óg.

**DÓNALL:** Ag siúl leat.

**NÓRA JOE:** Ag siúl leat agus bhí turas fada ann a bhfuil a fhios agat, thiocthadh muid aníos fríd na Machaireacha ansin.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Na *cuts* sin agus chuir cuid acu suas ansin geaftaí romhainn agus bhí fear amháin nach chuir suas a dhath ar riamh Páidí Tharlaí Mhaighréide, fear muinteartha domh féin a bhí ann. Bhfuil a fhios agat Peigí Pháidí Tharlaí is iad sin?

**DÓNALL:** O tá a fhios agam go maith.

**NÓRA JOE:** McBrides amháin muid.

**DÓNALL:** O dream amháin sibh.

**NÓRA JOE:** Sé.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Seán Mhaighréide agus Páidí, Páidí, Peigí, Páidí Sheáin, Páidí Tharlaí Mhaighréide.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Agus Páidí ba cheart a ghabháil go Gabhla, sé a fuair Gabhla ach ní rachadh sé rinne sé, rinne Seán malairt leis na Machaireacha agus chuaigh Seán go Gabhla.

**DÓNALL:** Chuaigh Seán isteach.

**NÓRA JOE:** Go Gabhla, tá sin greannmhar.

**DÓNALL:** Sin scéal iontach.

**NÓRA JOE:** *Aye* Seán Mhaighréide a chuaigh go Gabhla agus ní dheachaigh Páidí agus sin Peigí Pháidí Tharlaí agus iad bhí seisean sna Machaireacha.

**DÓNALL:** Ann sna Machaireacha.

**NÓRA JOE:** Sé, girseachaí.

**DÓNALL:** Dtiocfadh sibhse amach ansin achan nDomhnach a Nóra bhfuil a fhios agat.

**NÓRA JOE:** Nó, *not go*, chaitheadh duine inteacht fanacht istigh darna achan nDomhnach.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Bheadh an t-eallach le.

**DÓNALL:** Le coimhead.

**NÓRA JOE:** Giolla, giollacht agus a.

**DÓNALL:** Bheadh an timireacht le déanamh.

**NÓRA JOE:** Bheadh an timireacht le déanamh agus bheadh an dinnéir le déanamh, tchífá na bádaí ag teacht is chuirfeá síos na prátaí nuair a tchífá na bádaí ag teacht bheadh dhá bhád ag gabháil síos, ar an taobh s'againne den bhaile agus dhá bhád ar a taobh thoir den bhaile, teach na mbád ach.

**DÓNALL:** Agus shiúlfá aníos ansin agus tú.

**NÓRA JOE:** Shiúlfá but na blianta deireannach sin thosaigh *Matt Bonner* ghabháil síos.

**DÓNALL:** Ghabháil síos.

**NÓRA JOE:** Bhí veain aige agus ansin thosaigh *Joe Johnie*.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Agus ní raibh scilling ag duine, scilling a bhí le díol againn. Bhfuil a fhios agat ní shiúlfá scill, bhuel bhí scilling maram deacair a fháil an tam sin fosta agus thóg siad ansin é go dtí loithairín.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Bhuel ní, ní shiúlfá aníos ar loithairín Domhnach fliuch.

**DÓNALL:** Sé (gáire) ní shiúlfá.

**NÓRA JOE:** Ní shiúlfá, ní shiúlfá.

**DÓNALL:** *No.*

**NÓRA JOE:** Nach ní shiúlfá siad anois é.

**DÓNALL:** Is minic a fuair, báigh sibh.

**NÓRA JOE:** Is iomaí uair báigh ach tá cuimhne agam Domhnach amháin muid.

**DÓNALL:** Is tú i do throscaidh fosta a Nóra nach mbeadh?

**NÓRA JOE:** Bhí tú do throscaidh dá mbeifeá ag gabháil chuig faoistin bhfuil a fhios agat.

**DÓNALL:** Sé, tá a fhios agam.

**NÓRA JOE:** *But* ní rachfá ag comaoineach ró mhinic an tam sin.

**DÓNALL:** Ná na rachadh.

**NÓRA JOE:** Bhuel ag Cáisc b'fhéidir ná ag a Nollaig ná.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Ní bheithfeá mach, ní bheithfeá ábalta theacht amach fá choinne faoistin, thiochfaidh amach ag Féil Muire.

**DÓNALL:** Ag Féil Muire.

**NÓRA JOE:** Thiocfadh cúpla bád amach ag éisteacht na Féil Muire agus thiochfaidh amach ansin maidin, an chéad aifreann a thiochfaidh amach, ach tá cuimhne agam Domhnach amháin tháinig muid amach agus báigh muid, sa bhád a fuair muid a.

**DÓNALL:** Cith trom.

**NÓRA JOE:** Cith trom agus ansin tháinig an fharraige isteach fosta bhfuil a fhios agat tonnaí.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Agus bhí muid báite agus ní raibh áit ar bith, chuaigh muid suas go Teach a' Phobail, ach tá cuimhne agam go raibh ceathrar againn, níl cuimhne agam anois cé, bhí muid ina ndéagóirí san am.

**DÓNALL:** Bhí.

**NÓRA JOE:** Agus bhfuil a fhios agat c'áit bhí muid go fliuch agus bhfuil a fhios agat chuaigh muid ar a nglúine ar a ghailearaí, b'fhéidir nach bhfuil cuimhne agatsa gabháil suas na ghailearaí mhór.

**DÓNALL:** Tá cuimhne mhaith agam ar.

**NÓRA JOE:** Sin na *steps* a deachaigh muidne ar a nglúine ar ag gabháil a éisteacht leis an aifreann. Bhí muid istigh nuair a bhí an sagart ag gabhail ar an altóir agus Canon McGroarty a bhí ann agus tháinig sé orainn agus thug sé, ní dhéanfaidh mé dearmaid go brath do.

**DÓNALL:** Bhí sé conafach na raibh.

**NÓRA JOE:** Chiceáil sé muid suas fríd Theach a Phobail, bhfeice é ciceáil mar sin.

**DÓNALL:** Cionnas go raibh sibh thíos ar bhur nglúine.

**NÓRA JOE:** Cionnas go raibh muid thíos ar ár nglúine ar na *steps*. Ní raibh muidne ábalta ghabháil suas ná bhí muidne báite.

**DÓNALL:** Ní raibh, bhí sibh go fliuch sin.

**NÓRA JOE:** Náire sé muid le cois achan rud eile. Ní thug mé maithiúnas go brách do, tá sé marbh ach tá súil agamsa go mbeidh sé (gáire). Tá súil agamsa.

**DÓNALL:** Agus dhein sé suas go dtí an, na suíocháin.

**NÓRA JOE:** Dhein sé suas go dtí na chéad suíocháin muid agus bhí muidne náirste. Bhí muid, bhí an tuisce ag síleadh amach as a gcuid cotaí.

**DÓNALL:** Ní náire ar bith daoibh é, ramhar sa réasún a bhí sé do díreach.



**NÓRA JOE:** Nach b'é a bhí.

**DÓNALL:** Nach raibh.

**NÓRA JOE:** Is minic a insím an scéal sin an rud a rinne Canon McGroarty linn an Domhnach sin, bhí ceathrar againn, bhí gasúirí ann fosta agus cúpla, dhá ghirseach.

**DÓNALL:** Chuireadh sin duine in eadan a creidimh agus.

**NÓRA JOE:** Ach beith go raibh muid óg an tam sin.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Ní rachadh go Teach a' Phobail níos mo.

**DÓNALL:** Ní, ní bo, ní rachadh.

**NÓRA JOE:** Ní rachadh, *but* ní dhéanfadh sagart ar bith eile é. Thuigfidh, tháinig *Canon McGettigan* ansin, thuigfidh sé sin an t-oileán.

**DÓNALL:** Arú thuigfidh.

**NÓRA JOE:** Agus ní dhéanadh sé é.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Nach sagairt ar bith eile é but ní raibh tuiscint ar bith ag, breá leat teagasc criostaí a fháil thuas ar an ghailearaí bheag, bheadh máistir ann ach an uile mhí but ní bheadh cuimhne agatsa ar sin.

**DÓNALL:** Níl cuimhne ar bith agam ar.

**NÓRA JOE:** Ní bheadh cuimhne agatsa ar. Bheadh máistir ann as scoil inteacht achan uile mhí ann is chaitheadh na, scoltacha an pharóiste uilig, bheadh na páistí uilig thuas ag an teagasc criosta sin agus ba chóir dúinne bheith thuas creidim ach ní dheachaigh muid suas agus ní rachadh muid suas do *Chanon McGroarty* an lá sin ach an oiread, chuaigh muid isteach sa chéad suíochán a casadh orainn ach ní thioctadh leis a dhath níos mó a dhéanamh linn. Bhí muidne, is bhí muid mall ar scor ar bith roimhe an aifreann a bheadh an teagasc criosta ann. Bheadh ceathrú uaire ná bí cé mhéad a bheadh ann, chuirfí teagasc criosta ar na páistí uilig. Bheadh scoltacha an phobail uilig ann nach greannmhar sin.

**DÓNALL:** Nach cinnte go raibh.

**NÓRA JOE:** Bhí, is bheadh scaifte mór, ghailearaí bheag a bheireadh muidne uirthi is bhfuil a fhios agat nuair a rachfá isteach ar dhoras na habhna.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** An ghailearaí a bhí thuas ansin.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam í, *aye* tá a fhios.

**NÓRA JOE:** Nach bhreá an Teach a Phobail a bhí ann.

**DÓNALL:** Ó *jesus* an spás a bhí ann a dhuine.

**NÓRA JOE:** Spás, is mór an trua na cóiriú é an tam sin.

**DÓNALL:** D'fhéad siad í a choinneáil naoi.

**NÓRA JOE:** Bhuel rinneadh díchealt, rinne siad a ndíchealt *but* ní éisteadh leo.

**DÓNALL:** Inis seo domh a Nóra bhí muid ansin ag caint fá teacht amach, nuair a tháinig sibh amach ar tús, bhuel ní h'é but na, nuair a thioctadh sibh amach chun

aifrinn. Bhí tú ag caint ar na *McBrides* bhfuil a fhios agatsa anois eolas ar, ar dhream s'agaibh ar an oileán a Nóra.

**NÓRA JOE:** Bhuel m'athar mór Sean Mhaighréide a bhí ar. Fuair siad bás óg, gheobhadh na daoine bás an tam sin dá mbeadh siad caoga bliain bhí siad sean an tam sin nach greannmhar.

**DÓNALL:** Ní raibh siad ag fáil saol fada ar bith.

**NÓRA JOE:** Ní raibh, níl cuimhne ar bith agamsa ar mo mháthar mór, níl cuimhne agam ar dhuine ar bith de mo mháthar mór, anoir as Strath na Brúí mo mháthar mór i nGabhal Nóra Ní Bhaoill a bhí uirthi.

**DÓNALL:** As Strath na Brúí í.

**NÓRA JOE:** As Strath na Brúí.

**DÓNALL:** Agus cá.

**NÓRA JOE:** Agus bhí deirfiúr di istigh fosta pósta ar bheadh sí ina máthair mór ag *Eddie Nancy* thuas ar an Screabán.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam an fear a bhfuil tú ag caint ar.

**NÓRA JOE:** Tá mise agus *Eddie* an dá o.

**DÓNALL:** O bhfuil.

**NÓRA JOE:** Tá is sin a raibh daoine muinteartha againne i nGabhla, mach a *McBride* eile *Owenie John Dhónaill* bhfuil a fhios agat iad sin.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam.

**NÓRA JOE:** Dónall Sheáin Mhaighréide.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam a dream.

**NÓRA JOE:** Báigh é sin agus m'athar i lá amháin, iad ag gabháil isteach as aonach an Chlochán Leith, ceathrú lá de Feabhra is gairid go mbeidh an *anniversary* ag teacht aníos ar a mhí seo chugainn 1943, sin tamall maith, seascach sa trí bliain.

**DÓNALL:** Caidé a shíleann tú a ba chúis le sin a Nóra.

**NÓRA JOE:** Orú tubaiste a bhí ann go díreach.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Orú tubaiste caith sé go raibh sé le tarlú ná rud inteacht ná bhí snámh millteanach ag m'athar ach bhí m'uncail bhí sé tarraingt ar, bhí sé seascach sa naoi agus bhí sé ag gabháil a fháil an pinsean an bhliain ina dhiaidh sin. Ní bhfaigheadh siad an pinsean an tam sin go mbeadh siad seachtó.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Agus gheobhadh sé'n pinsean, bhí sé ag amharc.

**DÓNALL:** An bhliain na dhiaidh.

**NÓRA JOE:** An bhliain na dhiaidh sin ach ní bhfuair sé é agus bhfuil a fhios agat seanduine, shíl muidne go raibh sé sean an tam sin. Bhí sé, ní raibh sé ag déanamh mórán oibre bhuel breá leis a bheith ag obair amuigh sna cuibhrinn corr uair *but John* a mhac is mo a bhí ag déanamh an obair agus bean de na girseachaí *so* bhí an fear seo ann 's bhí braon ólta aige 's ní chóir do, bhí sé, ba mhaith leis seol a chuir suas, deir m'athar leis nach raibh seol ar bith ag gabháil suas nach raibh coir acu leis a tseol go bhfearr daofa iomrú.

**DÓNALL:** Ní raibh siad i bhfad ón oileán.

**NÓRA JOE:** Ní raibh siad i bhfad ón oileán uilig is chuaigh seisean ag gabháil a chuir suas a seol ar scor ar bith is thiontaigh sé'n bád bun os cionn. D'ímigh sé féin an bád, bhí braon beag ólta aige cinnte maram, bhí sé ramhar sa réasún maram fosta, maram gur sin é, ó bhí sin, bhí muid mór leis na dhiaidh sin, i ndiaidh, ní ndúirt muid a dhath ar riamh leis, tubaiste a bhí ann.

**DÓNALL:** Is cailleadh ansin, cailleadh.

**NÓRA JOE:** Cailleadh m'athar, triúr Micí Bán bhfuil a fhios agat *Joe* Mhicí Bán bhí sé ag teagasc thíos fá *St. Johnstone* bhí sé pósta ar ghirseach as Uaimhe ó tá siad uilig marbh anois. Bhuel tá a chlann sin go fóill *because but* níl damh ar bith acu sin le muintir Gabhla anois ar chorr ar bith, níl aithne ar bith acu orthu. Bhí nuair a bhí an tathair beo breá leis iad a thabhairt aníos agus bhí fear acu stopadh thall dtigh Mhicí *Roarty* foghlaim Gaeilge ó bhí siad iontach cliste an teaghlach sin. Níl a fhios agam caidé a d'éirigh daofa.

**DÓNALL:** *So* cailleadh d'athair agus eisean agus.

**NÓRA JOE:** Agus, agus bhí fear eile leo sábháladh é Jimí Hiúdaí Shéimí, Séimí *Sweeney* bhí ar.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Bhí sé na chónaí thíos ansin bhí teach do, sin an áit a bhfuil a teach mór sin anois an áit a bhfuil an dochtúir agus ó Dhia.

**DÓNALL:** Sé, tá a fhios agam, tá cuimhne agam ar a theach.

**NÓRA JOE:** *Aye*, bhuel sin an áit a raibh siad ina gcónaí bhí, bhí mac aige a raibh Darby ar bhí sé pósta ar bhean as a Charraic Cissie rud inteacht a bhí uirthi agus a

bhí mac eile aige Hughie Beag, bhí sé, tá'n bhean Hughie Beag beo go fóill. Tá sí na cónaí thoir an bealach mór ansin.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam í.

**NÓRA JOE:** Tá a fhios.

**DÓNALL:** So d'fhág sin cruá oraibh ansin é agus ar an oileán.

**NÓRA JOE:** Bhí muidne óg a tam sin agus ó bhí sé iontach cruá. Bhí muid ag urnaí 's ag urnaí go bhfaighfí na coirp agus bhí siad ag cuartú na cladaí agus ag cuartú (sos) fuarthas m'athar, cailleadh ar an ceathrú lá de Feabhra iad agus fuarthas m'athar ar an chéad lá den charghas na tá cuimhne agam go raibh siad uilig léir stoptha dona fags choinne an charghais agus thosaigh siad uilig ag caitheamh an oíche sin. Bhí an fhaire istigh di s'againne, ceathrú lá de, de, *Ash Wednesday* a bhí ann.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Tá a fhios agam na dátaí scríobh mé síos iad *but* níl mé ábalta cuimhne orthu anois agus ní bhfuarthas m'uncaíl go dtí (sos) Domhnach Cásca, bhí an oiread sin eatarthu ón chéad lá den charghas go dtí Domhnach Cásca.

**DÓNALL:** Fuarthas na coirp ar scor ar bith.

**NÓRA JOE:** Fuarthas na coirp *but* fuarthas corp Mhící Bán, bhí sé ag snámh, tógadh é corp Mhící Bán agus thug siad amach go teach a bháid é.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Bhí sé thíos sa, maram nach bhfuil na seadeanna sin ann anois ar chor ar bith, seid dubh breá leo sin an áit a raibh an corp go dtí go bhfaighidh goiste ar maram is tugadh isteach chun oileáin ansin é.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam. A Nóra rachaidh muid ar aghaidh ag na *McBrides*. Tá tú ag deanamh gur a, chuaigh léir daoine isteach, isteach chun oileáin.

**NÓRA JOE:** Isteach a chuaigh a an mhór chuid acu a.

**DÓNALL:** Beith istigh ar fostach a bheadh siad ná go díreach raibh.

**NÓRA JOE:** Níl a fhios agamsa an tús ama bhí an, bhí an talamh ansin but bheadh an teallach istigh ag feireach acu.

**DÓNALL:** Sin an dóigh a raibh sé.

**NÓRA JOE:** Rachadh siad isteach sa tsamhradh ag feireach, bhí talamh istigh acu *but* caidé a bhí roimh sin an rud nach bhfuil a fhios agamsa. Ach tá a fhios agam go raibh Seán Mhaighréide agus Tarlach Mhaighréide agus ba le Tarlach Mhaighréide maram b'fhéidir nach raibh tiomna ar bith ar, ba leisean Gabhla agus ba le Seán Mhaighréide na Machaireacha bhí cuid mhór talamh acu sin thoir ar na Machaireacha thíos ansin go dtí an fharraige thoir a bheith agus ní rachadh Tarlach go Gabhla agus chuaigh Seán isteach *cause* bhí dúil aige sa fharraige, bhí dúil aige ag iascaireacht agus.

**DÓNALL:** An ndéarfá a Nóra gur, go bhfuil muintir Ghabhla muinteartha do chéile is dóiche go bhfuil, bhfuil a fhios agat.

**NÓRA JOE:** Ó bhí siad uilig i léir muinteartha daofa na Duibhir.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Tá siad sin uilig i léir muinteartha do na chéile na Duibhir Ghabhla. Ní raibh muidne muinteartha daofa sin. Ní raibh aon duine muinteartha againn i nGabhla ach mar a dúirt mé clann John Dhónaill, clann Dhónall Sheáin Mhaighréide agus clann Nancy Éamoinn Bháin, *Eddie Nancy* mar a dhéarfá, Joe Dhónaill Pháidí bhí ar athar *Eddie Nancy*, Joe Dhónaill Pháidí sin deartháir do Pháidí Dhónaill Pháidí a bhí ar an Asgard.

**DÓNALL:** Ó tuigim.

**NÓRA JOE:** Joe Dhónaill Pháidí.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Agus bhí, bhí cúpla, bhí deirfiúr amháin aige níl cuimhne agamsa uirthi a raibh Bríd uirthi fuair sí bás leis an bhricíneach mhothaigh mé í, bhí sí na bhean thar seascach bliain fuair sí bás leis an bhricíneach.

**DÓNALL:** Leis an bhricíneach.

**NÓRA JOE:** Níl cuimhne ar bith agamsa uirthi ach mhothaíonn iad ag, m'athar is iad ag caint uirthi sin é, bheadh sí sin na cousin ag m'athar mar a déarfá.

**DÓNALL:** Ach bhí muid a, lucht oileáin ar bith a Nóra bheadh siad uilig ag brath ar a chéile agus bhí tú i gcónaí.

**NÓRA JOE:** Bhí, bhuel bhí siad maith.

**DÓNALL:** Bhí siad maith dá chéile.

**NÓRA JOE:** Dá mbeadh, bhfuil a fhios agat an dóigh a rachadh an teallach tirim corr uair.

**DÓNALL:** Sé.



**NÓRA JOE:** Bhuel ní bheadh i bhfad go mbeadh *juga* bainne istigh ó do chomharsan agat ná dá mbeifeá gann ann dhath ar bith, bhfuil a fhios agat bhí siad maith agus ansin dá mbeadh fá choinne dochtúir na fá choinne sagart chruinneofaí siad uilig lán báid agus rachaidh choinne an dochtúir agus choinne an sagart. Ach bhí, bhí scéal eile b'fhéidir nach mhothaigh tusa é. Tá áit istigh i nGabhla a bhfuil Cladach na Croith ar.

**DÓNALL:** Sé, inis an scéal sin domh.

**NÓRA JOE:** Bhuel níl a fhios agamsa an scéal uilig ach.

**DÓNALL:** Tá a fhios agat cuid mhaith do

**NÓRA JOE:** Bhfuil a fhios agat Maoil Muire.

**DÓNALL:** An bhata bhuí.

**NÓRA JOE:** Bhata bhuí agus Tarlach Óg Ó Baoill.

**DÓNALL:** Sin mo dhream féin a chuile.

**NÓRA JOE:** Beith sin do dhream sa.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Nach labhair.

**DÓNALL:** Mo mháthair mhóir Clann tSuibhne de dhream Clann tSuibhne na tuath.

**NÓRA JOE:** B'é sin é.

**DÓNALL:** Sé cinnte.

**NÓRA JOE:** Ag deanamh go, ó Dhia nach beag an saol fosta.

**DÓNALL:** Is cuma ní mhillfidh mé do scéal go ar aghaidh leat anois .

**NÓRA JOE:** Caithseá go raibh Tarlach Óg Ó Baoill ag gabháil le iníon Maol Muire

**DÓNALL:** Bhí sé.

**NÓRA JOE:** Agus ní raibh dúil, ní raibh sé maith go leor aici b'é sin é.

**DÓNALL:** Sin mar a bhí.

**NÓRA JOE:** Agus caithseá gur lean sé agus go lean sé go Gabhla é agus chroch sé istigh ar Cladach na Croithe é. Tá an áit istigh ansin go fóill.

**DÓNALL:** Is b'é cineál.

**NÓRA JOE:** Cre.

**DÓNALL:** Creig.

**NÓRA JOE:** Cladach atá ann.

**DÓNALL:** Sé.

**NÓRA JOE:** Tá sé ar an taobh seo den bhaile ní thíos ar thaobh s'againne den bhaile atá sé Cladach Na Croithe but ghlacadh duine inteacht inse duit c'áit a bhfuil sé.

**DÓNALL:** Sé, bhí, bhí mé istigh ach ní bheinn eolach go leor.

**NÓRA JOE:** O ghlacadh duine